

Fochoiste na bhFoilseachán
Coiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge
agus na gCultúr Ceilteach

Scoláireachtaí Foilsitheoireachta Léann na Gaeilge 2021

Treoirlínte d'Iarratasóirí

A. Eolas faoin Scéim Scoláireachtaí

Is é aidhm na scoláireachtaí seo tacaíocht airgid ar luach €5,000 an ceann a chur ar fáil do bhaill foirne acadúla in institiúidí ardoideachais na hÉireann d'fhonn modúil teagaisc a cheannach amach chun an t-am a chruthú dóibh leabhar taighde i nGaeilge (monagraf, cnuasacha aistí acadúla, etc.) a bhfuil siad ag obair air a thabhairt chun críche lena fhoilsiú. Beidh an saothar nach mór réidh le foilsiú tráth an iarratais ar na Scoláireachtaí agus sceideal foilsithe aontaithe le foilsitheoir aitheanta.

Ní chun cur ar chumas daoine PhD a chur i gcrích ná chun tionscadal taighde nua a chur sa tsiúl atá an scéim ann, dá bhrí sin. Is féidir le baill foirne a n-éiríonn leo Scoláireacht Foilsitheoireachta a bhaint amach na socrúithe cuí a dhéanamh i gceachtar seimeastar den bhliain acadúil leis na húdaráis chuí ina n-institiúid féin.

Táthar an-bhuíoch den Údarás um Ard-Oideachas as an tacaíocht airgid le haghaidh na Scéime seo a bhunú. Má leantar den mhaoiniú a chur ar fáil, tá súil ag an gCoiste an Scéim a réachtáil ar bhonn bliantúil.

B. Critéir Cháilitheachta

Tá an Scéim ar oscailt do bhaill foirne acadúla in institiúidí ardoideachais a bhfuil conradh acu go ceann **dhá bhliain, ar a laghad**, ó dháta an iarratais le pé institiúid ina bhfuil siad lonnaithe.

Ní mór d'iarratasóirí PhD nó Máistreacht taighde (e.g. MPhil., MLitt., etc.) a bheith acu le **dhá bhliain, ar a laghad**, roimh dóibh iarratas a chur isteach ar an Scéim.

C. Cur chuige Iarratais

Is trí chomórtas iomaíoch a bhronnfar na scoláireachtaí agus ní mór na nithe seo a leanas a bheith san áireamh le haon iarratas ar an Scéim:

(1) foirm iarratais chomhlánaithe;

(2) teistiméireacht ó mholtóir acadúil **neamhspleách** a bhfuil cur amach aige/aici ar shaothar an iarratasóra i gcoitinne agus ar fhiúntas an tionscadail atá i gceist leis an iarratas, go háirithe;

(3) litir ó Cheann Scoile/Ceann Roinne an iarratasóra ina bhfuil léiriú ar a t(h)acaíocht don iarratas atá á dhéanamh;

(4) litir ó fhoilsitheoir ina bhfuil deimhniú go bhfuil rún aige/aici an saothar a chur i gcló agus ina bhfuil plean leagtha amach an saothar a fhoilsiú.

D. An Próiseas Athbheithnithe

Bainfidh an Painéal Athbheithnithe úsáid as an bhfoirm iarratais agus as an teistiméireacht acadúil chun gach iarratas a mheas. Bainfear leas as na critéir seo a leanas agus na hiarratais á bplé:

1. Teacht an iarratais le haidhmeanna na Scéime;
2. Caighdeán agus fiúntas an togra atá i gceist;
3. Taifead taighde an iarratasóra;
4. Plean ama chun an saothar a chur i gcrích go tráthúil.

Ní bheidh aon dul thar bhreith an Phainéil Athbheithnithe.

Spriocanna:

Spriocdháta: 1 Feabhra, 2021
Torthaí le fógairt: 17 Márta, 2021

Is cóir fiosruithe ginearálta ar bith agus na hiarratais chomhlánaithe féin a sheoladh de rphost chuig:

An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh

ciaran.macmurchaidh@dcu.ie